2024/2503

24.9.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2503 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Meán Fómhair 2018, bunaithe ar iarraidh ó Shásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe d'Éimin (UNVIM), ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1249 ([1]) maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le UNVIM.

(2) An 12 Deireadh Fómhair 2020, bunaithe ar iarraidh ó UNVIM, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1465 ([2]) agus rinne sí gníomhaíocht ón Aontas chun tacú le UNVIM a athnuachan ar feadh tréimhse 12 mhí.

(3) An 28 Meán Fómhair 2023, bunaithe ar iarraidh ó UNVIM, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2095 ([3]) agus rinne sí gníomhaíocht ón Aontas chun tacú le UNVIM a athnuachan ar feadh 12 mhí eile, go dtí an 30 Meán Fómhair 2024.

(4) I Rún (UNSCR) 2722 (2024), cháin Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an soláthar arm agus trealaimh ghaolmhair agus soláthairtí gaolmhara de gach cineál do na Houthi, de shárú ar UNSCR 2216 (2015), agus d'iarr sí go mbeadh comhar praiticiúil breise ann chun cosc a chur ar na Houthi an trealamh agus na soláthairtí is gá a fháil chun ionsaithe breise a dhéanamh.

(5) Le Rún 2742 (2024) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, leathnaíodh sainordú Mhisean na Náisiún Aontaithe chun tacú le Comhaontú Hodeidah chun tacú le cur chun feidhme an chomhaontaithe maidir le Cathair Hodeidah agus calafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa a leagtar amach i gComhaontú Stócólm, a thug na páirtithe uile sa choinbhleacht in Éimin i gcrích an 13 Nollaig 2018, agus a formhuiníodh le Rúin 2451 (2018) agus 2452 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe.

(6) D'iarr UNVIM tacaíocht bhreise ar feadh bliain amháin ar an Aontas.

(7) Ba cheart don Aontas a thacaíocht do UNVIM a athnuachan ar feadh bliana ar mhaithe le cur chun feidhme a shainordaithe.

(8) Ba cheart méid tagartha airgeadais nua a chur leis chun an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 a chumhdach.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2020/1465 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2020/1465 mar a leanas:

(1) cuirtear an fhleasc seo a leanas le hAirteagal 3(1):

'— EUR 2 200 000 don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025.';

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

'Rachaidh sé in éag an 30 Meán Fómhair 2025.'.

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/1249 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach mar thaca le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 235, 19.9.2018, lch. 14).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1465 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Cigireachta agus Fíoraithe na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 335, 13.10.2020, lch. 13).

([3]) Cinneadh (CBES) 2023/2095 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (UNVIM) (IO L 241, 29.9.2023, lch. 123).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

Z. FELDMAN